

FOCAIL I SAOTHAR DHÁIBHIDH UÍ BHRUADAIR

AG LÉAMH fhilíocht Dháibhidh Uí Bhruadair dom, is minic a thag-
as focal nó leagan faoi mo shúil sa tiontó Béarla, nach éasca a
thabhairt chun réitigh lena bhfuil sna focail a chum an file féin. Scaite,
níl sa difear ach earráid sa scríbhinn, ach in áiteacha eile taispeántar
doiléire níos doimhne idir an bunleagan is an t-aistriúchán. Ina cheann
sin, tá dris chasáin eile, mar atá laghad na cabhrach a bheadh le fáil
ag an té a thogródh staidéar a dhéanamh ar cheapadóireacht an fhile. I
rith na scórtha de bhlianta ó foilsíodh na trí himleabhair den eagrán, is
fíor-annamh a scríobh aon duine ar an bhfile féin ná ar a chuid filíochta.

Pé ar bith caitheamh a bhí le déanamh ar an gcaoi ar haistríodh an
téacs Gaeilge, caithfear a rá anseo gur mór atá an t-eagarthóir le moladh
as an obair fhathaigh a rinne sé ar na trí himleabhair den duanaire a
chuir sé in eagar. Aon iarracht ar leasú uaimse anseo ar scoláireacht an
eagarthóra, b'fhéarr liom go mbreathnófaí uirthi mar lámh chúnta ón
bprintiseach atá ag féachaint le aithris a dhéanamh ar an scil a thaispeáin
an máistir.

Níl sa liosta a leanas ach páirt de na deacrachtaí a casadh in m'eang-
ach agus fágann sin go leor le déanamh am éigin eile. Focal aonraic a bhí
le leasú sna cásanna seo, agus is é atá ina cheannfhocal ar an iontráil.
Ina dhiaidh sin, tá tagairt don áit sa téacs a bhfuil an deacracht le fáil
(imleabhar, leathanach, rann nó véarsa, uimhir agus teideal an amhráin
nó na duaine).¹ Tig ó líne go dtí ceathrú iomlán a bheith tugtha as
an téacs, de réir mar atá an deacracht ag sroicheadh. San *Aistriúchán*,
tá focail an eagarthóra; faoi *Leasú* agus *Nóta*, tá mo leagan féin ar an
gciall, le tuilleadh eolais, scaite, de réir mar atá sin le fáil. Seasann
'Dinneen' do P. S. Dinneen, *Foclóir Gaedhülge agus Béarla: An Irish-
English dictionary* (Ir. Texts Soc., London 1904; new ed., London 1927),
agus *DIL* do (*Contributions to a*) *Dictionary of the Irish language* . . .
(Royal Ir. Academy, Dublin 1913-76).

1. ATHARRACH

III, 128 § iv (amhrán xx, 'Caithréim Thaidhg').

(a) *Ní do bhreoghoin Seon is atharrach*

(b) *Tadhg ón sliabh do thiacht san ngradam san.*

Aistriúchán: The thing that hath wounded John sorely and others too
Is that Tadhg from the mountain should rise to so high a
rank.

Leasú: Is athrú an rud a bheophianaigh an Sasanach, is é sin an
gradam sin a bheith faighte ag Tadhg ón sliabh.

Nóta: Tá an leasú ag brath ar an miondealú seo a leanas. *Is* =
an chopail, *atharrach* = preideacáid, *ní* = faisnéis.

¹ J. C. Mac Erlean (eag.), *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair: The poems of David Ó Bruadair* I-III (Ir. Texts Soc. XI, XIII, XVIII, London 1910, 1913, 1917).

2. FEIDHEAL

I, 74 § x (amhrán viii, 'Guagán gliog').

(a) *Is gnáth úrla fá húda is feidheal ar bhoin.*

Aistriúchán: Curls are often under hoods and boards on eyes of cattle.²

Leasú: Is iondúil folt faoi chochall agus faire ar bhó.

Nóta: Seo amhrán éadromchroíoch agus bhí an t-údar ar a ghreann dá chumadh. An chuid is mó den amhrán, níl ann ach sraith d'abairtí aonlíne, gan mórán doimhneacht bhrí iontu, agus seasann gach abairt ina haonad céille aisti féin. Dá thoradh sin, má tá doiléire in aon líne, níl cúnaimh in aon líne eile leis an deacracht a fhoscailt.

I líne (a) thuas, is cosúil gur tháinig an t-eagarthóir faoi anáil *feidil* as Dinneen (1904) s.v., ach tá focail eile nach mór a scagadh, mar a leanas: (i) *figheal/feigheal*, substaint-each bain., 'bigill, faire oíche ar ócáid eaglasta' (*DIL* s.v. *figel(l)*); (ii) *feidhil* 'fada, síoraí', etc. (*DIL* s.v. *1 feidil*); (iii) *feidil* 'a wooden yoke for oxen' (*DIL* s.v. *2 feidil*). San iontráil chéanna, col. 62.68, luaitear *bhfeidil* 'guarding' (as *Duanaire Finn*), agus *feidhil* 'sticking, cleaving, adherence or attachment to' (as foclóir Pheadair Uí Chonaill).

Molaim (i) agus an dara cuid de (iii) mar an bun ceart don leasú ar líne x (a) thuas. Ní luaitear amhrán xx in Dinneen (1927) s.v. *feighil* 'attention, care, vigilance', etc.

Maidir le *-gh/-dh-*, tá an dá chaoi, bord ar bord, i litriocht Ghaeilge na Mumhan. Ní chloisim *bhfeighil* i nGaeilge Chonamara na linne seo, ach tá eiseamláirí de i saothar údair an Iarthair le fáil minic go leor, ó Ríocard Bairéad go dtí Mícheál Breathnach is Peadar Chois Fhairrge.

3. GAIL

II, 114 § xx (duan xvi, 'Osna charad ní ceol suain').

(c) *Ón ngéis ngloin re raibh m'fháilte*

(d) *gail da héis is easláinte.*

Aistriúchán: (c) Pure white swan who welcomed me,

(d) Courage since her death is weak.

Leasú: (c) Ón eala ghlé a chuireadh fáilte romham

(d) Ceo agus easláinte [atá] ina diaidh.

Nóta: Anseo, tá 'ceo' le tuiscin as *gail*, foirm a thugtar mar mhalairt leagain ar *gal* (*DIL* s.v. *1 gal*); féach *ibid.*, col. 35.85, le haghaidh 'steam, vapour, mist' mar athchiall. I leith na meadrachta, tá éagúaim in (c), agus is anocht *ngloin* in (d).

²Féach Dinneen (1927) s.v. *feidheal* 'a covering for the eye': *is gnáth f. ar bhuin*, 'one may see a (thieving) cow's eye covered ([Dáibhidh Ó] Br[uadair])'.

4. SALTAIR

II, 70 § xxxviii (amhrán xii, 'Cuirfead cluain ar chrobhaing').

- (a) *Sagart súgach mé gan Laidin*
- (b) *lé ní bhroicim,*
- (c) *Ní fhuil im phortús puinn don tsaltair*
- (d) *luim a loitim.*

Aistriúchán: (c) There is in my portus little of the Psalter,

(d) Thumb well what I injure.

Leasú: (c) (d) In mo phortús, níl tada den leabhar filíochta tanaí a mhillim.

Nóta: Tá 'leabhar filíochta' suite mar chiall le *saltair* ag an gCéit-inneach: 'óir is tré bheith i méadardhacht dána do gairtí Saltair na Teamhrach don phrímhleabhar do bhíodh ar forlamhas ollamhan ríogh Éireann féin, agus Saltair Chaisil do chroinic Chormaic mhic Chuileannáin, agus Saltair na Rann do chroinic Aonghusa Céile Dé: óir, mar is ionann "salm" agus duan nó dán, is ionann saltair nó "psalterium" agus duanaire i n-a mbiadh iomad do dhuantaibh nó do dhántaibh' (Ir. Texts Soc. IV (London 1902) 90.29–36). Féach Dinneen (1927) s.v. *saltair*; *DIL* s.v. *saltair*.

An briathar *broicim* as líne (b) thuas, tá a ainmbhriathar sa líne *broic le rámhain in aois úcaidh* 'my meddling with a spade in fulling time', in III, 204 § xiii (a). I ngluais imleabhair III, lch 236, léitear *broic* 'to meddle', *broicim* 'to meddle with, bother about'. In Dinneen (1927) s.v. *broic* (v.l. *bruic*) 'tolerate, endure, putting up with anything', tá crostagairtí do *anabhroic*³ 'contention with', *broicim* 'I meddle with', *brac* 'arm, bracket', *bracaim* 'I embrace, I hug'. In *DIL* s.v. *broicid*, tá líne (b) as véarsa xxxviii aistrithe mar 'I don't bother with it', agus tá *broic le rámhain*, etc., 'meddling with a spade', i dteannta le tagairt do Dinneen (1927) s.v. *broic*. As na cialla uile atá luaite anseo, taigim *fulaing le, cuir suas le*, mar an rud is feiltí.⁴

Ní miste a lua go bhfuil an véarsa thuas tugtha mar eiseamláir de cheapadóireacht Uí Bhrudair, agus é faoi 'spionnadh súgach'.⁵

³As 'Br.' [i.e. *Duanaire Dháibhidh Uí Bhrudair* III, 182 § v (d), 'groundless foul invectives'].

⁴Taobh amuigh dá bhfuil tugtha anseo thuas, is cosúil nach bhfuil *broic*, etc., ar eolas i nGaeilge, luath ná mall. As sin, tá seans gur iasacht ó *brook* an Bhéarla atá ann. 'To put up with' a bhí ar cheann de na cialla leis, sa 16ú céad. Le -u- gearr a deirtear an focal do réir an *Oxford English dictionary*.

⁵T. Ó Raibhtheartaigh, *Maighistirí san fhilidheacht* (Baile Átha Cliath 1932) 74.

5. SCARADH

III, 14 § vi (amhrán vi, 'Suim Purgadóra').

- (a) *Iar n-aistear a beatha do chathurra an chraoiséirligh*
 (b) *do scaradh a ranna go mearaighthe mí-ghléasta.*

Aistriúchán: (a) when the champion of murderlust finished his hour of life

(b) In frantic disorder dispersed were his partisans.

Leasú: (a) I ndiaidh thuras a bheatha do chinnire catha na hársainte

(b) Scaradh a bhail ó chéile go buileach, mí-eagraithe.

Nóta: Tagairt atá anseo don chaoi ar baineadh corp Chromuel aníos as an uaigh le go ndéanfaí ceathrúna de.

6. SUIM

II, 114 § xvii (duan xvii, 'Osna charad ní ceol suain').

- (a) *Ráinig lé fa lig na liach*
 (b) *fionnfhuil Búrcach na mbreacsciath*
 (c) *go srothaibh d'fhuil Chuinn is Chais;*
 (d) *suim ón sochraidh an fhuarchlais.*

Aistriúchán: (d) Graced by her the cold trench is.

Leasú: (d) Is suimiú ar an tionól [sin] an uaigh fhuar.

CÁIT NÍ DHOMHNAILL

Coláiste Ollscoile na Gaillimhe